Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 6 Deireadh Fómhair 2021**
**(OR. en)**

**12402/21**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0312(NLE)**

**PECHE 338**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 6 Deireadh Fómhair 2021 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2021) 613 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, Phrótacal (2021-2024) maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Oileáin Cook |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2021) 613 final.

---

Faoi iamh: COM(2021) 613 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 6.10.2021
COM(2021) 613 final

2021/0312 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, Phrótacal (2021-2024) maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Oileáin Cook**

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

### 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

- **Forais agus cuspóirí an togra**

An Comhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe (SFPA) idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Oileáin Cook, síníodh é an 3 Bealtaine 2016 agus an 14 Bealtaine 2016 faoi seach, agus tháinig sé i bhfeidhm go sealadach an 14 Bealtaine 2016 ar feadh tréimhse 8 mbliana. Is féidir é a athnuachan go hintuigthe agus tá sé fós i bhfeidhm. An chéad Phrótacal 4 bliana maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe, tháinig sé i bhfeidhm go sealadach an 14 Deireadh Fómhair 2016 agus chuaigh sé in éag an 13 Deireadh Fómhair 2020. Tháinig an Comhaontú agus an Prótacal araon i bhfeidhm an 10 Bealtaine 2017.

An 7 Iúil 2020 ghlac an Chomhairle sainordú[1] lenar údaraíodh don Choimisiún Eorpach tús a chur le caibidlíocht le haghaidh prótacal nua maidir le Comhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Oileáin Cook agus le haghaidh an fhadaithe a d'fhéadfaí a chur leis an bPrótacal[2] a ghabhann leis an gComhaontú, Prótacal a bhí le dul in éag an 13 Deireadh Fómhair 2020.

Le linn an chéad bhabhta caibidlíochta (16 Iúil 2020), chomhaontaigh idirbheartaithe ón Aontas agus ó Oileáin Cook go mbeadh roinnt babhtaí ag teastáil chun an chaibidlíocht a chur i gcrích mar gheall ar chineál casta na caibidlíochta. Dá bhrí sin, chomhaontaigh an dá pháirtí síneadh a chur leis an bPrótacal ar feadh uastréimhse aon bhliain amháin, i gcomhréir leis an sainordú ón gComhairle. Socraíodh an síneadh trí bhíthin Comhaontaithe i bhfoirm malartaithe litreacha ar cuireadh inisealacha leis an 29 Iúil 2020 sa Bhruiséil agus in Rarotonga (Oileáin Cook).

Cuireadh síneadh bliana leis an bPrótacal ón lá a shínigh an dá pháirtí an malartú litreacha, i.e. an 14 Samhain 2020. Dá réir sin, rachaidh an Prótacal atá ann faoi láthair in éag an 13 Samhain 2021.

Ar bhonn na dtreoracha caibidlíochta ábhartha[3], rinne an Coimisiún caibidlíocht le hOileáin Cook d'fhonn Prótacal nua maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe a thabhairt i gcrích thar ceann an Aontais Eorpaigh. Tar éis an chaibidlíocht a bheith tugtha i gcrích, chuir na hidirbheartaithe inisealacha le prótacal an 28 Iúil 2021. Leis an bPrótacal nua, cumhdaítear tréimhse 3 bliana ó dháta chur i bhfeidhm sealadach an Phrótacail a leagtar síos in Airteagal 11 de, is é sin an dáta a shíneoidh an dá Pháirtí é.

Is é is cuspóir don togra seo an Prótacal maidir le tabhairt i gcrích chur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Oileáin Cook a údarú.

---

[1] CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena n-údaraítear tús a chur le caibidlíocht le haghaidh prótacal nua maidir leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus rialtas Oileáin Cook agus le haghaidh an fhadaithe a d'fhéadfaí a chur leis an bprótacal atá ann faoi láthair a ghabhann leis an gComhaontú sin (ST 8848/20).

[2] An Prótacal maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Oileáin Cook (IO L 131, 20.5.2016, lch. 10).

[3] Arna ghlacadh ag an 3418ú Comhairle Talmhaíochta agus Iascaigh an 22 Deireadh Fómhair 2015.

Tá sé d'aidhm ag an bPrótacal deiseanna iascaireachta a thabhairt do shoithí an Aontais in uiscí iascaigh Oileáin Cook i gcomhréir leis an gcomhairle eolaíoch agus le moltaí ón gCoimisiún Iascaigh don Aigéan Ciúin Iartharach agus don Aigéan Ciúin Láir (WCPFC), laistigh de theorainneacha an bharrachais atá ar fáil. Tá sé d'aidhm aige freisin comhar idir an tAontas Eorpach agus Oileáin Cook a neartú, agus ar an gcaoi sin creat comhpháirtíochta a chruthú trínar féidir beartas iascaigh inbhuanaithe a fhorbairt agus saothrú fónta a dhéanamh ar acmhainní iascaigh i limistéir iascaireachta Oileáin Cook, chun leasa an dá pháirtí.

Leis an bPrótacal nua AE-Oileáin Cook is féidir le cabhlach an Aontais iascaireacht a dhéanamh in uiscí iascaigh Oileáin Cook le haghaidh speicis tuinníní, agus is mar a leanas a dhéantar foráil maidir le deiseanna iascaireachta:

– 4 shoitheach peas-saighne tuinníní a bhfuil rochtain acu ar limistéir iascaireachta Oileáin Cook ar feadh 100 lá in aghaidh na bliana;

– is féidir 110 lá breise a chur ar fáil do chabhlach an Aontais, arna iarraidh sin.

• **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

I gcomhréir le tosaíochtaí an Rialacháin lena mbunaítear an Comhbheartas Iascaigh ('an Rialachán CBI')[4], tugtar leis an bPrótacal deiseanna iascaireachta do shoithí an Aontais i limistéir iascaigh Oileáin Cook, bunaithe ar an gcomhairle eolaíoch is fearr dá bhfuil ar fáil agus mar thoradh ar mholtaí ón gCoimisiún Iascaigh don Aigéan Ciúin Iartharach agus don Aigéan Ciúin Láir. Ina theannta sin, fágann an Prótacal gur féidir leis an Aontas Eorpach agus le hOileáin Cook oibriú níos dlúithe le chéile maidir le saothrú fónta na n-acmhainní iascaigh i limistéir iascaigh Oileáin Cook a chur chun cinn agus tacú le hiarrachtaí Oileáin Cook a n-earnáil iascaigh a fhorbairt, chun leasa an dá pháirtí.

• **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

An chaibidlíocht maidir le Prótacal nua i dtaca le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe — a mbaineann cuid de leis an síneadh seo atá beartaithe — tá sé ina chuid de ghníomhaíochtaí seachtracha an Aontais i dtaca le tíortha san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin ('tíortha ACC') agus cuirtear san áireamh ann, go háirithe, cuspóirí an Aontais maidir le prionsabail dhaonlathacha agus cearta an duine a urramú.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

• **Bunús dlí**

Is é an bunús dlí Airteagal 43(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), lena mbunaítear an comhbheartas iascaigh, agus Airteagal 218(6) CFAE lena bhforáiltear nach mór don Chomhairle, ar thogra ón idirbheartaí, cinneadh a ghlacadh lena dtugtar i gcrích an comhaontú.

De réir Airteagal 17(1) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, amach ón gcomhbheartas eachtrach agus slándála, áiritheoidh an Coimisiún ionadaíocht sheachtrach an Aontais. Dá bhrí sin, na hoifigigh a ainmníonn an Coimisiún, is acu sin amháin a bheidh an inniúlacht fógra a thabhairt maidir le tabhairt i gcrích comhaontaithe idir an tAontas agus tríú tír.

4 IO L 354, 28.12.2013, lch. 22.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Tagann an togra faoi inniúlacht eisiach an Aontais Eorpaigh.

- **Comhréireacht**

Tá an togra comhréireach leis an gcuspóir maidir le creat rialachais dhlíthiúil, comhshaoil, eacnamaíoch agus shóisialta a bhunú le haghaidh gníomhaíochtaí iascaireachta atá á ndéanamh ag soithí an Aontais in uiscí tríú tíortha, mar a leagtar amach in Airteagal 31 den Rialachán CBI. Tá sé i gcomhréir leis na forálacha sin chomh maith leis na forálacha maidir le cúnamh airgeadais do thríú tíortha a leagtar síos in Airteagal 32 den Rialachán sin.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Chuathas i gcomhairle le páirtithe leasmhara le linn na meastóireachta ar an bPrótacal le haghaidh na tréimhse 2016-2020. Chuathas i gcomhairle le saineolaithe na mBallstát freisin i gcruinnithe teicniúla. De thoradh na gcomhairliúchán sin, thángthas ar an gconclúid go mbeadh sé tairbhiúil an Prótacal a athnuachan le hOileáin Cook.

- **Comhairliúchán leis na páirtithe leasmhara**

Chuathas i gcomhairle leis na Ballstáit, le hionadaithe tionscail, le heagraíochtaí idirnáisiúnta na sochaí sibhialta, chomh maith le córas riaracháin iascaigh agus ionadaithe ó shochaí shibhialta Oileáin Cook, mar chuid den mheastóireacht. Reáchtáladh comhairliúchán freisin faoi chuimsiú na Comhairle Comhairlí Fadraoin.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

D’úsáid an Coimisiún comhairleoir neamhspleách le haghaidh na meastóireachtaí *ex ante* agus *ex post*, i gcomhréir le hAirteagal 31(10) den Rialachán CBI.

- **Measúnú tionchair**

Ní bhaineann le hábhar

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Ní bhaineann le hábhar

- **Cearta bunúsacha**

Sa chomhaontú a caibidlíodh, cuimsítear clásal a bhaineann le hiarmhairtí na sáruithe ar na gnéithe riachtanacha, a bhaineann le cearta daonna, d’Airteagal 9 de Chomhaontú Cotonou[5], nó den Airteagal comhfhreagrach sa Chomhaontú a thiocfaidh i gcomharbas ar Chomhaontú Cotonou.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Is é EUR 700 000 ranníocaíocht airgeadais bhliantúil an Aontais, bunaithe ar an méid a leanas:

[5] IO L 317, 15.12.2000, lch. 3.

a) méid bliantúil a íoctar as rochtain ar acmhainní iascaigh le haghaidh na gcatagóirí dá bhforáiltear sa Phrótacal arna shocrú ag EUR 350 000 ar feadh thréimhse an Phrótacail;

b) tacaíocht d'fhorbairt bheartas earnála iascaigh Oileáin Cook arb é atá inti EUR 350 000 in aghaidh na bliana, ar feadh thréimhse an Phrótacail. Comhlíonann an tacaíocht sin cuspóirí bheartas náisiúnta Oileáin Cook maidir le bainistiú inbhuanaithe a gcuid acmhainní muirí iascaigh ar feadh thréimhse iomlán an Phrótacail.

Déantar an méid bliantúil leithreasuithe faoi chomhair gealltanais agus leithreasaí íocaíochta a bhunú le linn an nós imeachta bhuiséadaigh bhliantúil, lena n-áirítear an líne chúltaca do phrótacail nár tháinig i bhfeidhm go fóill ag tús na bliana[6].

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Déantar foráil maidir leis na socruithe faireacháin sa Chomhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe agus sa Phrótacal cur chun feidhme a ghabhann leis.

[6] I gcomhréir leis an gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le comhar in ábhair bhuiséadacha(2013/C 373/01).

2021/0312 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, Phrótacal (2021-2024) maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Oileáin Cook

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43(2), i gcomhar le hAirteagal 218(6)(a)(v) agus (7) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh (AE) Uimh. 2017/418 ón gComhairle[7], formheasadh an Comhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Oileáin Cook (‘an Comhaontú Comhpháirtíochta’)[8].

(2) I gcomhréir le Cinneadh [XXX] ón gComhairle an [...][9], an Prótacal maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Oileáin Cook (‘an Prótacal’), síníodh é an […], faoi réir a thabhairt i gcrích dáta is faide anonn.

(3) Tá sé d’aidhm ag an bPrótacal cur ar chumas an Aontais agus Rialtas Oileáin Cook leanúint de bheith ag obair le chéile chun beartas iascaigh inbhuanaithe a chur chun cinn agus saothrú fónta a dhéanamh ar acmhainn iascaigh uiscí iascaigh Oileáin Cook agus chun go bhféadfaidh soithí an Aontais iascaireacht a dhéanamh sna huiscí sin.

(4) Ba cheart an Prótacal seo a fhormheas thar ceann an Aontais Eorpaigh.

(5) Le hAirteagal 6 den Chomhaontú Comhpháirtíochta, bunaítear Comhchoiste atá freagrach as faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe agus a Phrótacail cur chun feidhme. Thairis sin, de bhun Airteagal 5 den Phrótacal, féadfaidh an Comhchoiste leasuithe áirithe ar an bPrótacal a fhormheas. Ionas go n-éascófaí formheas na modhnuithe sin, ba cheart an chumhacht a thabhairt don Coimisiún, faoi réir coinníollacha sonracha substainteacha agus nós imeachta, chun iad a fhormheas thar ceann an Aontais faoi nós imeachta simplithe.

---

7 Cinneadh (AE) 2017/418 ón gComhairle an 28 Feabhra 2017 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Oileáin Cook, agus an Prótacal Cur Chun Feidhme a ghabhann leis (IO L 64, 10.3.2017, lch. 1).

8 IO L 131, 20.5.2016, lch. 3.

9 Cinneadh (AE) 2021/… ón gComhairle an … 2021 maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach an Phrótacail maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Oileáin Cook (IO C […], […], lch. […]).

(6) Ba cheart don Chomhairle seasamh an Aontais a bhunú maidir le leasuithe atá beartaithe ar an bPrótacal. Ba cheart na leasuithe atá beartaithe a fhormheas mura rud é go ndéanann mionlach blocála de na Ballstáit agóid i gcoinne na leasuithe i gcomhréir le hAirteagal 16 (4) den Chonradh ar an Aontas Eorpach.

(7) I bhfianaise na tábhachta eacnamaíche a bhaineann le gníomhaíochtaí iascaireachta an Aontais i limistéir iascaireachta Oileáin Cook agus an gá atá ann gan cur isteach ar na gníomhaíochtaí sin ar dhul in éag an phrótacail atá ann faoi láthair an 13 Samhain 2021, ba cheart na beartais sin a theacht i bhfeidhm a luaithe is féidir.

(8) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42 de Rialachán (AE) 2018/1725[10] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus thug sé tuairim uaidh an [*cuir isteach dáta*][11].

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Déantar leis seo an Prótacal maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Oileáin Cook (‘an Prótacal’) a fhormheas thar ceann an Aontais.

Tá téacs an Phrótacail in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

I gcomhréir leis na forálacha agus na coinníollacha a leagtar síos in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gCinneadh seo, údaraítear leis seo don Choimisiún leasuithe ar an bPrótacal a fhormheas thar ceann an Aontais, ar leasuithe iad a ghlac an Comhchoiste a bunaíodh faoi Airteagal 6 den Chomhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Oileáin Cook.

*Airteagal 3*

Tabharfaidh an Coimisiún, thar ceann an Aontais, an fógra dá bhforáiltear in Airteagal 12 den Phrótacal d’fhonn toiliú an Aontais a bheith faoi cheangal ag an bPrótacal a chur in iúl.

*Airteagal 4*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

10 Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

11 Ref. EDPS: *[Cuir isteach tagairt]*.

## RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH

1. **LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH**

**1.1. Teideal an togra/tionscnaimh**

**1.2. Réimsí beartais lena mbaineann**

**1.3. Baineann an togra/tionscnamh le:**

**1.4. Cuspóirí**

*1.4.1. Cuspóirí ginearálta*

*1.4.2. Cuspóirí sonracha*

*1.4.3. An toradh agus an tionchar a bhfuil coinne leo*

*1.4.4. Táscairí feidhmíochta*

**1.5. Forais an togra/tionscnaimh**

*1.5.1. Na ceanglais atá le comhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n- áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme an tionscnaimh ar bhonn céimneach*

*1.5.2. Breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (d'fhéadfadh an breisluach a bheith ann mar thoradh ar fhachtóirí éagsúla, e.g. gnóthachain mar thoradh ar chomhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha an phointe seo, is é a chiallaíonn 'breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais' an luach a bhíonn mar thoradh ar idirghabháil an Aontais agus atá sa bhreis ar an luach a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú leo féin.*

*1.5.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart*

*1.5.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil agus sineirgíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile*

*1.5.5. Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh*

**1.6. Fad agus tionchar airgeadais an togra/tionscnaimh**

**1.7. Modhanna bainistíochta atá beartaithe**

2. **BEARTA BAINISTÍOCHTA**

**2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe**

**2.2. Córais bhainistíochta agus rialúcháin**

*2.2.1. An bonn cirt atá leis na modhanna bainistíochta, le sásraí cur chun feidhme an chistithe, leis na módúlachtaí íocaíochta agus leis an straitéis rialúcháin atá beartaithe*

*2.2.2. Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialúcháin inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú*

*2.2.3. Meastachán ar chost- éifeachtúlacht na rialuithe agus an bonn cirt atá leis sin (cóimheas 'costais rialúcháin ÷ luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú') agus*

*measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth an íocaíocht a dhéanamh agus tráth an clár a dhúnadh)*

**2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc**

## 3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

**3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n- imreofar tionchar**

**3.2. An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe**

*3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí*

*3.2.2. An t-aschur a mheastar a chisteofar le leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí*

*3.2.3. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe riaracháin*

*3.2.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha*

*3.2.5. Ranníocaíochtaí ó thriú páirtithe*

**3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar ioncam**

## RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH

### 1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

#### 1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

08 05 01 – Creat rialachais a bhunú le haghaidh gníomhaíochtaí iascaireachta shoithí iascaireachta an Aontais in uiscí tríú tíortha

#### 1.2. Réimsí beartais lena mbaineann

08 – Talmhaíocht agus Beartas Muirí

08 05 — Comhaontuithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe (SFPAnna) agus Eagraíochtaí Réigiúnacha um Bainistiú Iascaigh (ERBInna)

08 05 01 – Creat rialachais a bhunú le haghaidh gníomhaíochtaí iascaireachta shoithí iascaireachta an Aontais in uiscí tríú tíortha

#### 1.3. Baineann an togra/tionscnamh le:

☑ Baineann an togra/tionscnamh le **beart nua**

☐ Baineann an togra/tionscnamh le **beart nua a leanann tionscadal píolótach / réamhbhirt**[12]

☐ Baineann an togra/tionscnamh le **síneadh a chur le beart atá ann cheana**

☐ Baineann an togra/tionscnamh le **beart a atreoraíodh i dtreo beart nua**

#### 1.4. Cuspóirí

*1.4.1. Cuspóirí ginearálta*

Trí chaibidlíocht a dhéanamh ar na Comhaontuithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe (SFPAnna) le tríú tíortha agus iad a thabhairt i gcrích, comhlíontar an cuspóir ginearálta maidir le rochtain a thabhairt do shoithí iascaireachta an Aontais ar limistéir iascaireachta tríú tíortha agus comhpháirtíocht a fhorbairt leis na tíortha sin d'fhonn saothrú inbhuanaithe acmhainní iascaigh a neartú lasmuigh d'uiscí an Aontais Eorpaigh.

Le SFPAnna, áirithítear freisin comhsheasmhacht idir na prionsabail lena rialaítear an comhbheartas iascaigh agus na gealltanais a rinneadh faoi bheartais Eorpacha eile (úsáid inbhuanaithe acmhainní tríú tíortha, an comhrac i gcoinne iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialaithe (NNN), comhtháthú na dtíortha comhpháirtíochta sa gheilleagar domhanda, rannchuidiú le gach gné den fhorbairt inbhuanaithe, agus rialachas polaitiúil agus airgeadais níos fearr ar iascaigh).

*1.4.2. Cuspóirí sonracha*

<u>Cuspóir sonrach Uimh.</u>

<u>Cuspóir Sonrach Uimh. 1</u>

Cur le hiascaireacht inbhuanaithe in uiscí nach bhfuil san Aontas, láithreacht an Aontais a chothabháil in iascaigh i bhfarraigí i bhfad i gcéin agus leasanna earnáil

[12] Mar a thagraítear dó in Airteagal 54(2)(a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

iascaigh an Aontais agus tomhaltóirí a chosaint trí SFPAnna a chaibidliú agus a thabhairt i gcrích le stáit chósta, i gcomhréir le beartais eile de chuid an Aontais.

Gníomhaíochtaí ABM/ABB lena mbaineann

08 05 01 – Creat rialachais a bhunú le haghaidh gníomhaíochtaí iascaireachta shoithí iascaireachta an Aontais in uiscí tríú tíortha

1.4.3. *An toradh agus an tionchar a bhfuil coinne leo*

*Sonraigh an tionchar a bheadh ag an togra/tionscnamh ar na tairbhithe/grúpaí ar a bhfuil sé dírithe.*

Le tabhairt i gcrích an Phrótacail maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh, is féidir leanúint den chomhpháirtíocht iascaigh straitéiseach idir an tAontas Eorpach agus Oileáin Cook agus í a neartú. Le tabhairt i gcrích an Phrótacail, cruthófar deiseanna iascaireachta do shoithí an Aontais i limistéir iascaireachta Oileáin Cook.

Leis an gComhaontú agus an leis an bPrótacal, is fearr a dhéanfar na hacmhainní iascaigh a bhainistiú agus a chaomhnú, trí thacaíocht airgeadais (tacaíocht earnála) a chur ar fáil chun cláir arna nglacadh ar an leibhéal náisiúnta ag an tír chomhpháirtíochta a chur chun feidhme, go háirithe an plean cuimsitheach iascaigh, faireachán a dhéanamh ar an iascaireacht neamhdhleathach agus comhrac ina coinne, agus tacaíocht a thabhairt don earnáil iascaigh ar scála beag.

1.4.4. *Táscairí feidhmíochta*

*Sonraigh na táscairí chun faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn agus ar ghnóthachain.*

Rátaí úsáide deiseanna iascaireachta (glacadh bliantúil na n-údaruithe iascaireachta mar chéatadán den infhaighteacht faoin bPrótacal).

Sonraí maidir le gabhálacha (bailiú agus anailísiú) agus luach tráchtála an Chomhaontaithe.

Rannchuidiú le fostaíocht agus dálaí oibre sásúla in iascaigh agus le breisluach san Aontas agus le margadh an Aontais a chobhsú (go comhiomlán le SFPAnna eile).

Cuidiú feabhas a chur ar thaighde, faireachas agus rialú ar ghníomhaíocht iascaireachta a dhéanann an tír chomhpháirtíochta agus ar fhorbairt a hearnála iascaigh, go háirithe an earnáil a bhaineann le hiascach ar scála beag.

**1.5. Forais an togra/tionscnaimh**

1.5.1. *Na ceanglais atá le comhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme an tionscnaimh ar bhonn céimneach*

Tá sé beartaithe go mbeidh feidhm shealadach ag an bPrótacal maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe ón dáta a síneofar é ionas nach gcuirfear isteach ar oibríochtaí iascaireachta atá ar siúl faoin bPrótacal atá ann faoi láthair.

Leis an bPrótacal nua cuirfear creat ar fáil do ghníomhaíochtaí iascaireachta chabhlach an Aontais i limistéir iascaireachta Oileáin Cook agus tabharfar údarú d'úinéirí soithí an Aontais iarratas a dhéanamh ar údaruithe iascaireachta chun dul i mbun iascaireachta sna limistéir iascaireachta sin. Ina theannta sin, leis an bPrótacal nua, cuirfear feabhas ar chomhar idir an tAontas Eorpach agus Oileáin Cook d'fhonn gach gné den fhorbairt ar bheartas iascaigh inbhuanaithe a chur chun cinn. Leis an

tacaíocht earnála atá ar fáil faoin bPrótacal cuideofar le hOileáin Cook lena straitéis iascaigh náisiúnta, lena n-áirítear an iascaireacht NNN a chomhrac agus dálaí oibre sásúla a chur chun cinn i ngníomhaíochtaí iascaireachta de réir Choinbhinsiún 188 EIS (an Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair) maidir le hObair san Iascaireacht.

1.5.2. *Breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (d'fhéadfadh an breisluach a bheith ann mar thoradh ar fhachtóirí éagsúla, e.g. gnóthachain mar thoradh ar chomhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha an phointe seo, is é a chiallaíonn 'breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais' an luach a thagann as idirghabháil an Aontais ar luach é atá sa bhreis ar an luach a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú leo féin.*

Mura dtabharfaidh an tAontas Prótacal nua i gcrích, chuirfeadh sé sin isteach ar ghníomhaíochtaí iascaireachta shoithí an Aontais ós rud é go bhfuil clásal sa Chomhaontú reatha lena n-eisiatar gníomhaíochtaí iascaireachta nach bhfuil sa chreat a shainítear leis an bPrótacal a ghabhann leis an gComhaontú. Dá réir sin, tá an luach breise le haghaidh chabhlach fadraoin an Aontais an-soiléir. Leis an bPrótacal tugtar creat freisin maidir le comhar neartaithe idir an tAontas agus Oileáin Cook.

1.5.3. *Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart*

De thoradh na hanailíse ar ghabhálacha a d'fhéadfaí a fháil i limistéar iascaireachta Oileáin Cook, na measúnuithe agus na comhairle eolaíche atá ar fáil, tá iarracht iascaireachta tagartha 100 lá in aghaidh na bliana socraithe ag na Páirtithe lena gcuimsítear deiseanna iascaireachta do 4 shoitheach peas-saighne tuinníní. Thairis sin, féadfaidh úinéirí long suas le 110 lá iascaireachta sa bhreis a cheannach, más iomchuí. Leis an tacaíocht earnála, tugtar san áireamh riachtanais maidir le fothú acmhainneachta laistigh d'údaráis iascaigh Oileáin Cook agus tosaíochtaí na straitéise iascaigh náisiúnta lena n-áirítear, go háirithe, taighde eolaíoch agus tionscnaimh maidir le rialú agus faireacháin iascaireachta.

1.5.4. *Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil agus sineirgíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile*

